

**Ábhar**

**Canúint agus Caighdeán**

**Mír Fuaim**

**Dráma gearr faoi chanúint agus caighdeán**

**Téacsanna**

**Alt le hAlex Hijmans. *Comhar*: Bealtaine 2010**

**Le caoinchead ó *Comhar* agus ón údar**

**Biachlár i nGaeilge**

**Le caoinchead ó Gaillimh le Gaeilge**

Ní cúrsa teanga ná plean ceachta atá i gceist leis an ábhar samplach seo agus níl sé i gceist go ndéanfaí gach tasc in aon seisiún teagaisc amháin. Is sampla atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar an téacs d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.

**Tá na tascanna samplacha seo curtha in oiriúint do mhic léinn Ghaeltachta.**



An Mheitheal um Theagasc  
na Gaeilge ar an Triú Leibhéal

# Canúint agus Caighdeán

## Réamhobair

Beidh tú ag éisteacht le dráma gearr ina bhfuil beirt ag labhairt faoi na difríochtaí idir canúint agus An Caighdeán Oifigiúil. Ar dtús, déan an réamhobair thíos.

- An gcothaíonn na difríochtaí idir do chanúint agus An Caighdeán Oifigiúil deacrachtaí duit? Má chothaíonn, cad iad na deacrachtaí sin?
- Conas a bhíonn a fhios agat an bhfuil leagan canúnach nó caighdeánach nuair atá tú idir dhá chomhairle?
- Cá bhfaighfeá amach cad é ‘An Caighdeán Oifigiúil’?
- Pléigh na ráitis thíos:
  - o Toisc gur tógadh le Gaeilge mé tá an ghramadach an-deacair dom.
  - o Tá sé deacair an nua-théarmaíocht a úsáid nuair nach mbaintear úsáid aisti i mo theaghlach ná i mo cheantar.
  - o Cuireann An Caighdeán Oifigiúil mearbhall orm.
  - o Uaireanta tá sé níos nádúrtha an focal Béarla a úsáid seachas focal neamhchoitianta Gaeilge.

## Éisteacht agus Léamh

- Éist leis an mír fuaime agus pléigh an abairt seo a deirtear inti:

‘...braithim go mbeidh an t-aiste ait má chuirim na focail dheoranta san isteach ann, bheadh aoinne a léifeadh é ag gáirí chugam...’
- Anois léigh an téacs agus freagair an cheist seo:

I mbeagán focal cad iad na dúshláin is bunús leis an alt? Pléigh agus ansin scríobh cur síos ar ábhar an ailt.

## Feasacht Teanga

- Cé acu an leagan canúnach agus caighdeánach: ‘an aiste’ nó ‘an t-aiste’? Cá bhfaighfeá an t-eolas?
- Cuir na focail seo in abairtí a léireodh a mbrí:

leatrom  
neamhshuim  
fáinne fí  
céasadh

- An bhfuil difear idir na focail thíos? Má tá, mínigh cad é.

cleachtadh	cleachtas
críocha	tailte
téarma	téarmaíocht
rúndiamhair	rúnda

- Seo sliocht as an alt ach tá earráidí ann. Déan iarracht iad a cheartú.

Is minic, agus mé ag obair ar *Favela* (Cois Life), leabhar faoi bhruachbhaile bocht i gceann de mhórchathracha na Brasaíle, gur céasadh croí a bhí ann focal Gaeilge oiriúnach a aimsiú ar choincheap simplí – fiú le cúnaimh na bhfoclóirí, na cinn chlóite agus na cinn atá ar líne. Tá mo chóipeanna d’fhoclóirí Uí Dhónaill agus de Bhaldraithe ag titim as a chéile ó ró-úsáid agus déarfainn gur mé is ciontach as cuid shuntasach den 640,000 (!) cuardach a dhéantar ar [www.focal.ie](http://www.focal.ie) in aghaidh na míosa, ach dá fheabhas iad na háiseanna téarmaíochta atá againn, tá teorainn lena réimse.

- Féach ar na leaganacha thíos. Cé acu canúint lena mbaineann gach sampla, dar leat? Cé acu ceann de gach péire is ‘caighdeánaí’? Cá bhfaighfeá an t-eolas dá mbeifeá idir dhá chomhairle?

sa tsiopa	sa siopa
don bhean	don mbean
don tsaoire	don saoire
don cheist	don gceist
sa bhosca	sa mbosca
sa bhfuinneog	san fhuinneog
ag an bhfear	ag an fhear

## Iarobair

- Pléigh na ráitis seo as an téacs:
  - o ‘...tá claonadh stairiúil ag cainteoirí Gaeilge, muintir na Gaeltachta ach go háirithe, i gcoinne na nua-théarmaíochta (‘Gaeilge na Leabhar’)...’
  - o ‘...focal deas nuachumtha é ‘brú-bhruthaire’ ach ní fheicim bean tí i Ros Muc á úsáid nuair atá an *pressure cooker* á lorg aici...’
- Cad atá i gceist ag an údar le ‘treoirínte eagarthóireachta éagsúla ag an stáisiún teilifíse agus ag an teach foilsitheoireachta’?
- Cad iad na suímh ina mbaineann tú úsáid as an gcódmheascadh i do chuid cainte? Cad iad na catagóirí focal a mbaineann tú úsáid as an leagan Béarla díobh i do chuid cainte? Féach ar na ceanteidil seo chun cabhrú leat.

cúrsaí teaghlaigh; cúrsaí bia; cúrsaí teicneolaíochta; mothúcháin; cúrsaí reatha.

- Beidh tú ag féachaint ar ball ar bhiachlár i nGaeilge. Tá na miasa seo ar an mbiachlár – cad iad, dar leat? Pléigh le do pháirtí.

gearg i bhfuidreamh  
cuasán de thráta  
filléad de bhreac geal  
muiríní friochta  
*tuile* faoi bhlaistiú Maróis & Citris

An bhfuil focail áirithe sa chatagóir ‘cúrsaí bia’ a phléigh tú níos luaithe is túsce a d’úsáidfeá i nGaeilge seachas i mBéarla – iasc agus feoil, mar shampla?

- Anois féach ar an mbiachlár agus ar na leaganacha Gaeilge de na miasa. Cad a shíleann tú fúthu?
- Pléigh na ráitis seo:

Níl in úsáid na Gaeilge in áiteanna poiblí ach maisiúchán cultúrtha.  
Ní fiú leaganacha mar ‘gearg i bhfuidreamh’ a úsáid ar bhiachlár mura bhfuil siad sa ghnáth-chaint.  
Tá sé an-deacair an nua-théarmaíocht a úsáid sa bhaile – bheadh daoine ag gáire fúm.  
Mura ndéantar iarracht an nua-théarmaíocht a úsáid ní bheidh rath ar an teanga.

- Cén ghné den ghramadach is deacra duitse, mar chainteoir dúchais? Pléigh le do pháirtí agus ansin aimsígí eolas san acmhainn chuí faoi na gnéithe éagsúla a phléigh sibh.

## Téipscript

Cogar i leith chugam, tá an t-aiste sin críochnaithe agam ar deireadh thiar thall! Léifead dhuit cuid dó. ‘Bricfeast maith, leath na hoibre’. Níl aon teora le bricfeast maith, *cereal*, arán is bainne, chun an lá a thosnú i gceart. ‘Tús maith leath na hoibre’ mar a deir an seanfhocal.

A Mhichíl, gabh mo leithscéal as cur isteach ort, ach ní féidir leat tús a chur le haiste ar an gcaoi sin. Focal Béarla is ea *cereal*, agus ní mholfainn úsáid an tseanfhocail i dtús aon aiste.

Béarla, *cereal*? Níor chuala aon rud eile á thabhairt air riamh, cad eile a thabharfainn air? *Cornflakes* an b’ea? Ach cad a tharlódh dá *Frosties* a bheadh i gceist agam, bheadh dul amú ar mo léitheoirí.

Ní bheadh ná é, a Mhichíl. Caithfidh tú na focail chearta a úsáid nuair a bhíonn aiste acadúil ollscoile á scríobh agat.

Focail chearta, hmm, conas a bhainfead amach na focail chearta seo?

Bhuel tá foclóirí breátha againn agus teacht againn orthu go héasca, bain úsáid as [www.focal.ie](http://www.focal.ie) – anois duit féach faoi *breakfast cereal* faighimid ‘gránach bricfeasta’.

Ach braithim go mbeidh an t-aiste ait má chuirim na focail dheoranta san isteach ann, bheadh aoinne a léifeadh é ag gáirí chugam.

A Mhichíl, ‘an aiste’, ‘a léifeadh í’. A Mhichíl, tuigim go bhfuil difríocht idir canúint agus caighdeán, ach caithfidh tú géilleadh uaireanta.

Tá go maith, géilleadh ar uairibh, déanfadh san. Ar aon tslí caithfeadh rith ’on *phost office* ag triall ar *cereal* i gcomhair na maidine. Slán!

Slán, a Mhichíl, agus go n-éirí leat leis an aiste sin.

# Téacs

## *Cráite ag cócó agus cnónna*

Is glas iad na cnoic i bhfad uainn, ach is ea is faide uainn iad, is ea is deacra a bhíonn sé an focal Gaeilge ceart a aimsiú le cur síos orthu. Bíonn dúshláin ar leith roimh iriseoirí agus scríbhneoirí na Gaeilge agus iad ag iarraidh cur síos ar áit nó ábhar nach mbaineann le gnáthóg nádúrtha na teanga.

Nuair a bhí an Ghaeilge fós i réim mar phríomhtheanga in Éirinn – is ea, i bhfad ó shin – bhí an domhan teoranta go leor. Bhí stór focal na teanga sásúil chun cur síos air. Ach nuair a d’imigh na hIarlaí agus nuair a rinne gorta, bochtanas, leatrom agus blianta de neamhshuim scrios ar an teanga, stad lucht a labhartha ag cumadh focal nua. Ní hé gur dhream leisciúil iad na bochtáin sna ceantair chúnga a choinnigh an Ghaeilge beo mar theanga labhartha, ach is beag an teagmháil a bhí acu le domhan a bhí ag méadú agus ag athrú lá i ndiaidh lae. Ní raibh gá ag muintir na mBlascaod le focail ar nós ‘frog biorshrónach na hAfraice Theas’ (téarma an lae ar [www.focal.ie](http://www.focal.ie) ar an lá go bhfuil an t-alt seo á scríobh) toisc nach bhfaca siad an t-ainmhí céanna riamh ina saol. Tá an stair seo ar eolas againn ar fad, áit éigin ag cúl ár n-aighe, ach ní miste tagairt di le go dtuigimid cén fáth go bhfuil fadhb againn inniu nuair a theastaíonn uainn cur síos a dhéanamh, i nGaeilge, ar áiteanna atá i bhfad ó na críocha a mbíodh taithí ag na sean-Ghaeil orthu. Ar an mBrasaíl, mar shampla.

Is minic, agus mé ag obair ar *Favela* (Cois Life), leabhar faoi bhruachbhaile bocht i gceann de mhórchathracha na Brasaíle, gur céasadh croí a bhí ann focal Gaeilge oiriúnach a aimsiú ar choincheap simplí – fiú le cúnaimh na bhfoclóirí, na cinn chlóite agus na cinn atá ar líne. Tá mo chóipeanna d’fhoclóirí Uí Dhónaill agus de Bhaldrathe ag titim as a chéile ó ró-úsáid agus déarfainn gur mé is ciontach as cuid shuntasach den 640,000 (!) cuardach a dhéantar ar [www.focal.ie](http://www.focal.ie) in aghaidh na míosa, ach dá fheabhas iad na háiseanna téarmaíochta atá againn, tá teorainn lena réimse.

Agus uaireanta, ní bhíonn ciall ar bith leo. Mar shampla, fuair mé amach agus mé ag obair ar alt nuachta, an lá cheana, gurb ionann an Ghaeilge ar *cocoa* agus *coconut*. Is ea, tugann na foclóirí clóite agus ar líne ‘cócó’ ar an dá rud, a bhuíochas le botún a rinne Niall Ó Dónaill agus a fhoclóir siúd á chur i dtoll a chéile aige. Thug seisean ‘cócó’ ar *cocoa* agus ‘cnó cócó’ ar *coconut*, rud a thabharfadh le tuiscint go bhfásann an *coconut* ar an gcrann *cocoa*. Ach níl an dá rud gaolta, fiú amháin. Fásann *coconuts* ar phailm ard darb ainm *cocos nucifera*; fásann *cocoa* ar chrann beag darb ainm *theobroma cacao*.

Is i bhfad ó chnónna cócó a rugadh Niall Ó Dónaill, ach chruthaigh a leisce le ciclipéid na bplandaí fadhb dhosháraithe domsa. Má scríobhaimse abairt ar nós ‘Tá lucht fásta cócó an réigiúin míshásta’ cuirim geall go gceapfaidh nócha-naoi faoin gcéad de na daoine a léann í gur lucht fásta *coconuts* atá i gceist agam. A mhalairt: ba iad lucht fásta an *cocoa* a bhí míshásta.

D’fhéadfaí a chur i mo leith gur cancrán mé, ach níl anseo ach ceann de chéad sampla a d’fhéadfainn a thabhairt den chéasadh croí a thugann an Ghaeilge don té a dteastaíonn uaidh cur síos a dhéanamh ar nithe nach mbaineann le gnáthóg nádúrtha na teanga. An sampla is

fearr, b'fhéidir, ná an deacracht ollmhór atá sa Ghaeilge leis an mbealach chun cur síos a dhéanamh ar dhath craicinn duine.

Rinne mé clár faisnéise do Nuacht TG4 faoin mbruachbhaile bocht Brasaíleach céanna atá faoi chaibidil sa leabhar a luaigh mé thuas. Sa chlár faisnéise, ba 'dhaoine dubha' iad muintir an bhruachbhaile; ba 'dhaoine gorma' iad sa leabhar. Cén fáth? Treoirlínte eagarthóireachta éagsúla ag an stáisiún teilifíse agus ag an teach foilsitheoireachta.

Ar ndóigh, níl craiceann na ndaoine a bhí faoi chaibidil dubh ná gorm. Ina dteanga féin, tugann siad *moreno*, *cafuzo*, *sarará* nó *negro* orthu féin, nó focal eile as an réimse ollmhór atá ag Portaingéilis na Brasaíle le cur síos a dhéanamh ar dhathanna craicinn de gach uile imir. Ach ní raibh ar fáil domsa sa Ghaeilge ach 'duine dubh' (téarma a mothaíonn go leor cainteoirí Gaeilge a bhfuil diúltacht ag baint leis) agus 'duine gorm' (téarma a cheapann go leor de chainteoirí Gaeilge an lae inniu atá aisteach, toisc go bhfuil ár dtuiscint ar cad is 'gorm' ann difriúil ón tuiscint a bhí ag na sean-Ghaeil ar 'ghorm').

Sa deireadh ba é an bealach amach a d'aimsigh mé ná cur síos rud beag fileata a dhéanamh ar dhathanna craicinn ina ionad. Anois, bíonn mo chuid iriseoireachta agus scríbhneoireachta faoin mBrasaíl breac le daoine 'ar dhath seaclaíde' nó 'ar dhath caife a bhfuil braon maith bainne tríd'. Is léir go bhfuil a chonstaicí féin ag an gcleachtas seo: muna mbíonn tú cúramach téann an téacs i dtreo na doiléire, nó, níos measa, i dtreo na háiféise.

Moltar don té a dhéanann cáineadh réiteach a chur ar fáil, ach níl réiteach simplí ar shriantacht stór focal na Gaeilge. Is maith ann iad na háiseanna téarmaíochta ar líne, ach is minic a thugann siad téarma duit atá cruinn agus ceart ach nach bhfuil sa chaint ('nuashonrú' in ionad 'uasdátú') nó téarma atá chomh rúndiamhair go mbeadh an Sfioncs bródúil as – 'réad eitilte gan aithint'. Anuas air sin tá claonadh stairiúil ag cainteoirí Gaeilge, muintir na Gaeltachta ach go háirithe, i gcoinne na nua-théarmaíochta ('Gaeilge na Leabhar'). Focal deas nuachumtha é 'brú-bhruthaire' ach ní fheicim bean tí i Ros Muc á úsáid nuair atá an *pressure cooker* á lorg aici. Ní dhéanann an nós seo saol an iriseora Ghaeilge níos éasca; go deimhin cuireann sé leis an bhfáinne fí ina bhfuil an teanga ó thaobh na nuathéarmaíochta de. An moladh is fearr atá agam – cé gur beag an cúnadh é – ná breathnú ar na srianta atá ag an teanga mar dhúshlán. Dúshlán do shamhlaíocht lucht a labhartha agus a scríofa.

Agus an cnó cócó...? Rinne mé teagmháil le muintir [www.focal.ie](http://www.focal.ie) faoi agus chuir siadsan mo cheist ar aghaidh chuig an gCoiste Téarmaíochta. Gan mhoill, fuair mé ríomhphost ón gCoiste ag rá go bpléifí an ghéarchéim a bhí aimsithe agam (ná déanaimis dearmad, tá botún bunúsach i ngach uile fhoclóir Gaeilge i gceist!) ag an gcéad chruinniú eile de chuid Choiste Stiúrtha an Choiste. Coiste Stiúrtha an Choiste Téarmaíochta féin! Agus comhairle an choiste seo: le scéal fada a dhéanamh gairid, 'crann cacó' a thabhairt ar an gerann a dtugann a shíolta an deoch blasta 'cacó' dúinn. Bhuel, is fúinne atá sé an crann cacó a thabhairt isteach sa chaint.

Alex Hijmans. *Comhar*: Bealtaine 2010. Le caoinchead ón údar agus ó *Comhar*.

## Biachlár *À la Carte* *À la Carte Menu*

*Quail in corn batter*  
*Gearg i bhfuidreamh* €12.00

*Open lasagne of lobster meat*  
*Lasáinne Ghliomaigh* €9.95

*Chorizo Sausage*  
*Ispín Chorizo* €9.95

*Mediterranean Seafood Salad*  
*Sailéad Bia Mara na Meánmhara* €8.95

*Tomato Timbale*  
*Cuasán de Thráta* €11.95

*Freshly Made Soup of the Evening*  
*Anraith Úrdhéanta an Tráthnóna* €5.50

---

*Chicken Thigh Confit*  
*Confit Ceathrú Sicín* €21.50

*Pan-roasted Breast of Duck*  
*Brollach Lachan Rósta* €24.50

*Pan fried fillet of Beef*  
*Filléad Mairteola Friochta* €28.00



*Grilled Fillet of Seatrout*  
*Filléad de Bhreac Geal* €22.00

*Roast Rack of Connemara Lamb*  
*Ráca Uaineola Chonamara* €26.50

*Pan-fried Scallops*  
*Muiríní Friochta* €25.00

*Warm Aubergine & Red Pepper Terrine*  
*Teirín Ubhthoraidh & Piobar Dearg* €18.00

---

*Rosemary & Citrus flavoured Tuile*  
*Tuile faoi bhlaistiú Maróis & Citris* €7.50

*Blueberry baked cheese cake 'New York style'*  
*Ciste Cáise Fraocháin Ghorma BÁCáilte i*  
*'Stíl Nua-Eabhrac'* €7.50

*Strawberry & Mascarpone cheese timbale*  
*Cuasán Sú Talún & Cáis Marscarpone* €7.50

*Chocolate, toffee & Amaretto Panna Cotta*  
*Panna Cotta Seacláide, Taifí & Amaretto* €7.50

*Selection of Home-made Ice-Creams*  
*Rogha d'Uachtar Reoite de Dhéantús Baile* €6.50

*Selection of Irish cheeses*  
*Rogha de Cháiseanna na hÉireann* €10.00

**Bunaithe ar bhiachlár a sholáthair Gaillimh le Gaeilge. Le caoinhead ó Gaillimh le Gaeilge.**